

# Fad a Thomhas



<b>Gné den Mhata</b>	Tomhais – fad, meastachán <i>Comhtháthú – Teanga</i>
<b>Scileanna Forbartha</b>	Comhtháthú agus nascadh – idéanna matamaiticiúla a shealbhódh sé/sí go neamhfhoirmiúil a cheangal le hidéanna foirmiúla matamaiticiúla  Cur i bhfeidhm – straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a cheapadh agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall  Tuiscint agus tabhairt chun cuimhne – téarmaíocht agus fíorais a thuiscint agus a mheabhrú
<b>Teanga agus Téarmaíocht</b>	fad, leithead, rialóirí, slata méadair, roth landair, téip thomhais, meas, níos faide, níos gairide, níos airde
<b>Áiseanna</b>	rialóirí, slataméadair, roth landair, téip thomhais, áis an dalta le liosta réada atá le tomhas





## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

A luaithe is atá daltaí cleachta leis an gcoincheap de mhéadar amháin mar thomhas, sainaitníonn siad rudaí i dtimpeallacht na scoile atá 1 m ar fad, níos giorra ná 1 m agus níos faide ná 1 m. Déanann siad na rudaí seo a thairfeadh ar bhileog acmhainne i bhformáid dhigiteach nó chruachóipe, nó is féidir leo grianghraif a ghlacadh agus iad a roinnt ar ardán ar líne.

Is féidir an gníomhaíocht sin a athdhéanamh don leath-mhéadar agus d'fhaid eile ina gceintiméadair, m.sh. rudaí atá níos mó ná lú ná 20 cm ar fad.

Ansin, is féidir le daltaí fiosrúchán breise dá rogha féin a dhéanamh le rudaí faoi leith sa seomra ranga, m.sh. líon peann 10 cm nó níos faide ar fad.





## Ceisteanna Samplacha

Ceisteanna Dúnta	Ceisteanna Oscailte
<ul style="list-style-type: none"><li>• Cad é fad an leabhair?</li><li>• Cad é airde an dorais?</li><li>• Cén gléas tomhais a d'úsáid tú?</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Socraigh ar an gcaoi a dtabharfaidh muid faoin ngníomhaíocht seo.</li><li>• Cén fáth ar roghnaigh tú an gléas tomhais sin?</li><li>• Conas a thabharfaidh muid faoin ngníomhaíocht seo?</li><li>• Cad iad na gléasanna tomhais a úsáidfídh muid?</li></ul>

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Is féidir le daltaí tomhais fhíora a thabhairt chun cruthú go bhfuil an rud níos faide nó níos giorra ná 1 kg de réir ábaltacht agus fáil ar mheá chúí.





## Bileog an Dalta

Rud	Níos faide / níos airde ná 1 m	Níos gairide ná 1 m
deasc	✓	
cathaoir		✓
doras	✓	
clár bán		
peann luaidhe		
fuinneog		
mála scoile		
téacsleabhar		

